



SCÉIM THEAGMHÁLA BAILE SCOILE AGUS AN PHOBAIL

Leabhrán Eolais do scoileanna DEIS ag glacadh páirt sa Scéim Theagmhála Baile Scoile agus an Phobail

*“Is léir ó thaithí na hÉireann gur féidir le tionscnaimh oideachais bunaithe i scoileanna leibhéal oideachais na ndaoine fásta atá páirteach a ardú, agus go mbíonn mothúchán ginearálta chumhachtaithe sa phobal áitiúil dá bharr. Tugann rannpháirtíocht tuismitheoirí, ach go háirithe i limistéir ina bhfuil díothacht shocheacnamaíoch, tairbhe ní hamháin do na leanaí agus don scoil - gné ríthábhachtach is ea í den fhoghlaim ar feadh an tsaoil.” *Parents as Partners in Schooling, OECD 1997**

**Bealtaine, 2014
(Leagan leasaithe)**



Clár na nÁbhar

Topaic	Leathanach
Clár na nÁbhar	1
An Scéim TBSP – Cúlra Stairiúil	2
DEIS agus TBSP	3
Próiseas Pleanála DEIS agus an Scéim TBSP	4
TBSP – Taca do scoileanna DEIS laistigh de Sheirbhísí Leasa Oideachais comhtháite na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	5
Seirbhísí Leasa Oideachais - samhail chleachtais idirghabhála	6
Fís agus Luachanna TBSP	7
Scéim TBSP – Príomhthosaíochtaí	9
Tréithe an Chomhordaitheora TBSP	10
Jabthuirisc/Ról an Chomhordaitheora TBSP	11
Sannachán ar Chomhordaitheoirí TBSP	13
Aguisín A: Sonraí Teagmhála	14
Aguisín B: Deontais TBSP do scoileanna – Treoiríníte ar úsáid an Deontais TBSP	15
Aguisín C: Teimpléid Shamplacha Pleanála agus Tuairiscithe do Chomhordaitheoirí TBSP	17
Aguisín D: Foilseacháin Úsáideacha	21

Tá an Leabhrán Eolais seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie agus freisin ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ag www.tusla.ie



An Scéim TBSP – Cúlra Stairiúil

“Is é beartas bunaidh na Scéime Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail (TBSP) ná ceann a fhéachann le comhpháirtíocht a chothú idir tuismitheoirí agus múinteoirí. Is í aidhm na comhpháirtíochta seo ná deiseanna foghlama scoláirí a fheabhsú agus a gcoinneáil sa chóras oideachais a chothú. Ina theannta sin, leagann an Scéim TBSP an-bhéim ar chomhoibriú leis an bpobal áitiúil. Ceannródaí is ea an Scéim TBSP i rannpháirtíocht na scoile i saol an phobail agus rannpháirtíocht an phobail agus a ghníomhaireachtaí i saol na scoile.” “The Home School Community Liaison Scheme in Ireland – From Vision to Best Practice” scríofa ag na Comhordaitheoirí TBSP, 2005-2006.

Cuireadh an Scéim TBSP ar bun mar thionscadal píolótach i 1990. Dearadh í mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, scéim a tugadh isteach sa bhliain 1984, a chuir maoiniú breise ar fáil do bhunscoileanna i limistéir faoi mhíbhuntáiste.

Scéim phíolótach trí bliana ab ea an Scéim TBSP ar dtús, inar ceapadh tríocha múinteoir mar Chomhordaitheoirí TBSP, i gcúig bhunscoil is caoga a roghnaíodh, a bhí san áireamh i Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste ag an am. Leathnaíodh í sa bhliain 1991 chuig 13 iarbhunscoil bhreise, a bhí ag freastal ar na leanaí ó na bunscoileanna a roghnaíodh ar dtús. Tháinig deireadh leis an gcéim phíolótach trí bliana den Scéim TBSP i Meitheamh 1993. Tairgeadh seirbhís Theagmhála Baile Scoile agus an Phobail do na bunscoileanna agus iarbhunscoileanna uile faoi mhíbhuntáiste i Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste ó Mheán Fómhair 1999.

Leathnaíodh an Scéim TBSP níos faide i 2005 faoi DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna), an Plean Gníomhaíochta do chuimsitheacht oideachais.

I measc na meastóireachtaí a rinne an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) ar an Scéim TBSP tá:-

- “Review of the Home-School-Community Liaison Scheme - Report to the Department of Education and Science” le Peter Archer agus Fionnuala Shortt, foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas, 2003 (ar fáil ar www.erc.ie)
- “The Home-School-Community Liaison Scheme - Final Evaluation Report” foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas, 1994 (ar fáil ar www.erc.ie)



DEIS agus TBSP

Seoladh DEIS i mBealtaine na bliana 2005 agus is é fós uirlis beartais na Roinne Oideachais agus Scileanna chun déileáil leis an míbhuntáiste oideachais. Tagann sé san ionad ar na scéimeanna míbhuntáiste uile roimhe, is iad sin Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, An Timthriall a Bhriseadh agus Cothrom na Féinne a Thabhairt do Leanáí.

Tá na scoileanna DEIS Uirbeacha Bunscoile agus Iarbhunscoileanna DEIS uile san áireamh faoi láthair sa Scéim TBSP. Faoi bPlean Téarnaimh Náisiúnta 2011 go 2014, tarraingíodh scoileanna tuaithe DEIS ó sheirbhís an Chomhordaitheora Tuaithe faoi TBSP i Meán Fómhair, 2011.

Tá fráma tagartha DEIS bunaithe ar an míniú ar “mhíbhuntáiste oideachais” san Acht Oideachais (1998) mar:

“...na baic ar an oideachas de dhroim míbhuntáiste shóisialta nó eacnamaíoch a choisceann mic léinn ar thairbhe chúí a bhaint as an oideachas i scoileanna.”

Díríonn DEIS ar dhéileáil le, agus tús áite a thabhairt do, riachtanais oideachais leanáí agus dhaoine óga ó phobail faoi míbhuntáiste, ó oideachas réamhscoile go hoideachas dara leibhéal (3 go 18 mbliana), tríd an gClár Tacaíochta Scoile, á áiríonn cnuasach d’idirghabhálacha ina bhfuil tacaí inscoile agus lasmuigh den scoil.

Áiríonn na tacaí seo acmhainní teagaisc feabhsaithe i scoileanna ina bhfuil na leibhéal míbhuntáiste is airde; acmhainní airgeadais breise do scoileanna DEIS uile; rochtain ar thacaí litearthachta agus uimhearthachta; tacaí curaclaim; tacaí pleanála agus um fhorbairt ghairmiúil, cláir aistriúcháin ó bhunscoil go hiarbhunscoil agus cláir rochtana don tríú leibhéal. Ina theannta sin, áiríonn an Clár Tacaíochta Scoile dhá mhór-idirghabháil, is iad sin an Scéim TBSP agus an Clár Críochnaithe Scoile (CCS).

I measc na bpríomhbheartas a cuireadh i bhfeidhm faoi bPlean Gníomhaíochta DEIS tá: sruthlíniú ar bhearta chun déileáil le míbhuntáiste oideachais, bearta spriocdhíríte chun déileáil le fadhbanna na litearthachta agus na huimhearthachta, bearta chun feabhas a chur ar thinreamh, dul chun cinn oideachasúil, coinneáil agus gnóthachtáil scoláirí.

Rud atá ríthábhachtach do rath an Phlean Gníomhaíochta DEIS is ea béim níos mó ar an bpleanáil ag leibhéal na scoile agus leibhéal an chnuasghrúpa scoileanna, socrú spriocanna agus tomhas ar dhul chun cinn agus ar thorthaí, d’fhonn a chinntiú go ndéantar an infheistíocht mhéadaithe a mheaitseáil le feabhas ar thorthaí oideachasúla do na leanáí agus na daoine óga atá i gceist.

Ina theannta sin, táthar ag súil go leagfaidh scoileanna béim as an nua ar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na dteaghlach in oideachas leanaí trí fheidhm TBSP a áireamh ina bPlean Gníomhaíochta DEIS trí bliana.

Dar le trí thuairisc ag eascairt as taighde ar scoileanna DEIS, a rinneadh scartha óna chéile agus go neamhspleách ag ERC agus Cigireacht na Roinne i 2011¹, ...“Tá fianaise shoiléir ann go bhfuil tionchar dearfach ag an gclár DEIS ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil”.

D’aimsigh an chéad tuairisc ar an meastóireacht ar DEIS fianaise shoiléir go raibh gnóthachtáil sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic i sampla de bhunscoileanna uirbeacha DEIS níos airde i 2010 ná mar a bhí i 2007. Bhí an difríocht suntasach de réir staitistice agus aimsíodh í ag na leibhéil gráid uile. Ba chosúil go ndearnadh an dul chun cinn is suntasaí i measc dhaltaí le leibhéil gnóthachtála níos ísle agus bhí athrú dearfach sa ghnóthachtáil níos mó le feiceáil sna gráid shóisearacha. I dtéarmaí sholáthar ghníomhaíochtaí do thuismitheoirí, dearbhaíonn na tuairiscí ó ERC agus an Roinn araon go bhfuil scoileanna go mór ar an eolas faoi thábhacht na nasc dearfacha scoil-tuismitheoirí.

- Dearbhaíonn tuairiscí ERC agus Cigireacht na Roinne araon go bhfuil bunscoileanna ag cothabháil agus ag leanúint de ghníomhaíochtaí a sholáthar do thuismitheoirí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le foghlaim a bpáistí.
- Ag leibhéal na hiarbhunscoile, léiríonn torthaí meastóireachta Cigireacht na Roinne go bhfuil rannpháirtíocht dhearfach ag na scoileanna, i bhfeidhmiú idirghabhálacha chun feabhas a chur ar chomhpháirtíocht le thuismitheoirí agus leis an bpobal.



Próiseas Pleanála DEIS agus an Scéim TBSP

“Táthar ag súil go dtugann scoileanna a fhaigheann tacaíocht agus acmhainní breise trí pháirt a ghlacadh i DEIS tacaíocht don phlean gníomhaíochta DEIS trí phróiseas córasach pleanála agus monatóireachta ar leibhéal scoile aonair agus ar leibhéal cnuasaigh scoile/pobail. Meastar gur gné thábhachtach den phróiseas pleanála í rannpháirtíocht daltaí, tuismitheoirí, pobail áitiúla agus gníomhaireachtaí a fheidhmíonn ar leibhéal áitiúil. Táthar ag súil go bhforbróidh scoileanna pleananna gníomhaíochta a dhíríonn ar na réimsí seo a leanas: tinreamh, coinneáil, dul chun cinn

¹ • “A Report on the First Phase of the Evaluation of DEIS” le Susan Weir agus Peter Archer, foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas, 2011 (ar fáil ar www.erc.ie)
• “Meastóireacht ar Phróisis Phleanála i mBunscoileanna DEIS” le Cigireacht na Roinne, foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011 (ar fáil ar www.education.ie)
• “Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iarbhunscoileanna DEIS” le Cigireacht na Roinne, foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011 (ar fáil ar www.education.ie)

oideachais, litearthacht agus uimhearthacht, gnóthachtáil scrúdaithe (ag an dara leibhéal), comhpháirtíocht tuismitheoirí agus pobail, comhpháirtíocht idir scoileanna agus naisc le gníomhaireachtaí seachtracha. Ba chóir dul chun cinn maidir le forfheidhmiú na bpleananna gníomhaíochta seo a choinneáil faoi athbhreithniú agus iad a choigeartú i bhfianaise taithí.”
Meastóireacht ar Phróisis Phleanála i mBunscoileanna DEIS, An Chigireacht, Roinn Oideachais Agus Scileanna, 2011

Tá ról criticiúil ag an gComhordaitheoir TBSP ag tacú le forbairt, feidhmiú, meastóireacht agus athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta DEIS na scoile, ach go háirithe i gcothú rannpháirtíocht na dtuismitheoirí.



TBSP –Taca do scoileanna DEIS laistigh de Sheirbhísí Leasa Oideachais comhtháite na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach

Sa bhliain 2009 aistríodh freagracht oibríochta as an Scéim TBSP [agus as an gClár Críochnaithe Scoile] chuig an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) mar a bhí, a raibh feidhmeanna reachtúla aige maidir le tinreamh scoile, trí Oifigigh Leasa Oideachais (OLOanna). Thug Meabhrán Tuisceana idir an BNLO agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, ag an bpointe sin, cur síos ar dhualgas BNLO forbairt a dhéanamh ar:

“...chur chuige straitéiseach amháin a léiríonn go cothrom cineál agus láidreachtaí gach seirbhíse, lena n-áirítear an tSeirbhís Leasa Oideachais chun dul i ngleic le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile.”

Tugadh sainordú do BNLO:

“...freagracht a ghlacadh as bainistiú, forbairt agus treorú an Chláir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail agus an Chláir Críochnaithe Scoile de réir pholasaí na Roinne. “

D’aontaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BNLO:

“go gcuirfeadh an BNLO i bhfeidhm próiseas agus struchtúir chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige straitéiseach amháin, do rialachas, bainistiú agus feidhmiú na seirbhíse aontaithe, lena n-áirítear úsáid na n-acmhainní leithdháilte daonna agus airgeadais chun seirbhís aontaithe a sholáthar do leanaí, do theaghlaigh agus do scoileanna..”

Go bunúsach, d’fhéadfadh BNLO anois an obair sna trí shnáithe seirbhíse BNLO a dhíriú ar thiomantas don ‘leibhéal is airde d’fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoláirí a bhaint amach.”

Bhí soláthar sna socruithe bainistíochta do threo amháin straitéiseach dírithe ag leibhéil áitiúla, réigiúnda agus náisiúnta, a léiríonn go cothrom an nádúr agus láidreacht atá ag gach ceann de na

trí sheirbhísí. Thóg sé le chéile foireann ar fud na tíre, ag láidriú feidhmeanna na seirbhísí aonair, agus ag cuidiú go suntasach le cumas BNLO a shainchúram reachtúil a shásamh, agus ar an gcaoi sin torthaí feabhsaithe a chruthú do leanaí, teaghlaigh agus scoileanna.

I Meitheamh na bliana 2011, aistríodh feidhmeanna áirithe BNLO faoin Acht Oideachais (Leas) 2000, chomh maith le freagracht oibríochta as na seirbhís tacaíochta scoile DEIS comhtháite, faoin shainchúram, ón Aire Oideachais agus Scileanna go dtí an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige. I bhfianaise an tsainchúraim ar leith atá ag BNLO, trína shnáitheanna seirbhíse comhtháite, maidir le freastal scoile, rannpháirtíocht agus coinneáil, lean sé ag obair go díreach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, d'fhonn tacú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar obair na scoileanna DEIS, i gcinntiú go mbaintear an rannpháirtíocht is airde agus is féidir amach ag leanaí sa chóras oideachais.

Ar 1 Eanáir 2014, aistríodh feidhmeanna BNLO faoin Acht Oideachais (Leas) 2000, chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach *Tusla* (an Gníomhaireacht) agus díscailleadh BNLO. Tá an fhreagracht as na seirbhísí a chuir BNLO ar fáil roimhe sin, anois ar Sheirbhísí Leasa Oideachais (SLO) na Gníomhaireachta nua, atá mar ghníomhaireacht stáit tiomanta atá freagrach as leas agus torthaí do leanaí a fheabhsú. Leanann obair TBSP mar chuid riachtanach de Sheirbhísí Leasa Oideachais comhtháite na Gníomhaireachta i scoileanna DEIS.

Fanann an Roinn Oideachais agus Scileanna freagrach as Comhordaitheoirí TBSP a leithdháileadh ar scoileanna.



Seirbhísí Leasa Oideachais - samhail chleachtais idirghabhála

Is iad aidhm agus bunús le straitéis seirbhísí comhtháite do Sheirbhísí Leasa Oideachais sa Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach BNLO ná

- soláthar seirbhíse níos éifeachtúla a chur ar fáil, trí indirbheartaíocht chuí, do leanaí a bhfuil deacrachtaí acu maidir le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil ar scoil
- rannpháirtíocht fheabhsaithe a chothú agus a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile atá ag obair le leanaí agus teaghlaigh agus
- dul i gcion ar cheapadh beartais níos éifeachtúla le béim níos mór ar phleanáil, tomhas ar thorthaí agus bailiú fianaise ar thionchar na n-idirghabhálacha.

Tá ardchéim forbartha sroichte ar shamhail chleachtais sheirbhísí idirghabhála comhtháite, a áiríonn na trí shnáitheanna seirbhíse (SLO, TBSP & CCS reachtúla).

Tá an tsamhail chleachtais idirghabhála ceaptha le cuidiú le caighdeánú ar sholáthar seirbhíse ar fud na tíre; le haitheantas iomlán agus ag freastal ar na feidhmeanna agus cion ag gach snáithe,

agus ag an am céanna ag cur san áireamh an gá le solúbthacht maidir le hidirghabhálacha idir na snáitheanna agus trasna na snáitheanna, i bhfianaise an nádúir ar leith atá ag na deacrachtaí a thagann i láthair i saolta leanaí aonair. Mar thoradh ar an script chomhroinnte seo do na snáitheanna uile ar fud BNLO, le príomhtheachtaireachtaí ar ról, ar bhealaí oibre agus ar thorthaí, gheobhaidh teaghlaigh seirbhís níos comhsheasmhaí, agus cuideofar le foireann na snáitheanna seirbhíse - comhordaitheoirí TBSP sa chás seo - féachaint níos faide ar aghaidh ná an riachtanas atá curtha i láthair ag an bpointe, agus a sainordú ar leith féin, i gcomhoibriú ar idirghabhálacha le leanaí i mbaol agus a dteaghlaigh, bunaithe ar anailís iontaofa ar riachtanais agus pleanáil.



Fís agus Luachanna TBSP

- **Cúram lánaimseartha is ea TBSP. Scaoiltear Comhordaitheoirí TBSP ó dhualgais teagaisc uile agus gabhann siad d'obair theagmhála lánaimseartha idir an baile, an scoil, agus an pobal. Níl cead riamh, ar chúinse ar bith, Comhordaitheoir TBSP a chur ar an amchlár do dhualgais teagaisc sa scoil.**
- Oibríonn an scéim i spiorad na comhpháirtíochta agus an chomhoibríthe le tuismitheoirí agus múinteoirí, ach ag an am céanna, is cuid í de chur chuige sheirbhísí comhtháite leanúnach agus níos leithne i leith leas oideachais leanaí.
- Tá an scéim aontaithe agus comhtháite ag leibhéil na bunscoile agus na hiarbhunscoile araon.
- Tá éirim na scéime coiscteach, ag cinntiú go gcuirtear iidirghabhálacha ar bun, a mbeidh tionchar dearfach acu ar thuismitheoirí agus ar leanaí, d'fhonn torthaí oideachais a fheabhsú.
- Tá fócas na scéime go príomha ar na haosaigh ábhartha, a dtéann a meonta agus iompraíocht i bhfeidhm ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí san oideachas. Áiríonn sé seo riachtanais a aithint agus freagairt dóibh, trí chnuasach d'idirghabhálacha, atá fianaise-bhunaithe.
- Cuidíonn an scéim le dearccháil na múinteoirí agus na foirne i leith na comhpháirtíochta a fhorbairt agus a chothú. Spreagann sí cur chuige scoile uile i leith feabhas a chur ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil san oideachas.
- Tá an scéim dírithe ar réitigh, ag tógáil ar láidreachtaí na dtuismitheoirí agus na gcúramóirí trí chumhachtú agus tógáil inniúlachta.

- Gn  r th bhachtach is ea an chuarta ocht ar theaghlaigh sa bhaile chun iontaoibh a bhun , riachtanais a mheas, agus monat ireacht a dh anamh ar thionchar na bpleananna agus na n-idirghabh lacha a chuirtear ar bun chun tortha  n os fearr a bhaint amach do leana .
- T  comhph irt ocht leis an d  shn ithe seirbh se eile, laistigh de Sheirbh s  Leasa Oideachais, den Ghn omhaireacht um Leana  agus an Teaghlach, seirbh s  taca ochta cu  eile agus gn omhaireachta  deonacha agus reacht la riachtanach chun  ifeacht lacht a mh ad , d bl il a laghd  agus sol thar seirbh se comhth ite a chur ar f il do leana  ar an imeall agus a dteaghlaigh.
- N  m r don Chomhordaitheoir TBSP caidreamh a bheith, agus obair le na pr omhdhaoine sa phobal  iti il, sa chaoi is gur f idir leo luach breise a chur lena bhfuil   dh anamh sa scoil, maidir le freastal, rannph irt ocht agus coinne il.
- Is gn omhaire an athraithe  /  an Comhordaitheoir TBSP, n  hamh in do dhaoine aonair agus teaghlaigh ach freisin do scoileanna agus don ch ras oideachais n os leithne.

Mar achoimre, is  ard a dh anann an Sc im TBSP n :

- D ri  ar leana  at  i mbaol nach sroichfidh siad a gcumas sa ch ras oideachais mar thoradh ar shaincheisteanna teaghlaigh, a mb ionn drochthionchar acu ar ghn thacht il scol ir  agus ar choinne il scoile.
- D ri  go d reach ar na haosaigh suntasacha i saol na leana  agus sochair dh reacha a lorg do na leana  f in.
- Obair ar bhealach cumasaithe le tuismitheoir  chun a gcumas a fhorbairt mar phr iomhacmhainn i bhfoghlaim a leana .
- An caidreamh dalta-tuismitheoir-m inteoir a fhorbairt, sa chaoi is gur  it   an scoile inar f idir leis na daoine  ga uile a gcumas a shroicheadh.
- Riachtanais phearsanta, foghlama agus f ill ochta na dtuismitheoir  a aithint agus sol thar a dh anamh d ibh, d'fhonn a bhf inmheas agus a bhf inmhuin n a choth , rud a rachaidh i gcion go dearfach ar oideachas a leana .
- Dil i dtaith  ar ph tr in freastail, d'fhonn na leibh il is fearr d'fhreastal, rannph irt ocht agus coinne il scol ir  a bhaint amach.
- Obair ar bhealach tac il agus cusp ireach le tuismitheoir  agus cumars id a  asc  leis an m inteoir rang, teagasc ir, ceann bliana, agus bainist ocht na scoile, mar is g .
- Dearchta  dearfacha m inteoir  agus foirne a choth  i leith na hoibre comhph irt ochta agus cur chuige scoile uile a ghlacadh maidir le freastal, rannph irt ocht agus coinne il.



Scéim TBSP - Príomhthosaíochtaí

- Tá an scéim TBSP spriocdhírthe agus dírithe ar na teaghlaigh is mó atá ar an imeall
- Comhpháirt lárnach den scéim is ea an chuartaíocht bhaile. “Tá an chuairt bhaile ríthábhachtach chun ionbhá a fhorbairt le teaghlaigh ina n-iarrachtaí le páirt a ghlacadh sa chóras oideachais. Go bunúsach, tógann sé droichead idir an baile agus an scoil. Tugtar eolas faoin scoil agus seirbhísí eile sa phobal, agus ina dhiaidh sin, tá dearcthaí agus tuairimí na dtuismitheoirí fíorluachmhar don scoil. Turas dhá threo is ea an chuairt. Áit a dtógtar naisc iontaoibhe, i spiorad an chomh-mheasa agus na tacaíochta. Tá comhpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na scoile ríthábhachtach agus saibhríonn sí rannpháirtíocht an linbh san fhoghlaim.” *“The Home School Community Liaison Scheme in Ireland: From Vision to Best Practice” scríofa ag na Comhordaitheoirí TBSP, 2005-2006.* Caitheann Comhordaitheoirí TBSP ar a laghad 33% dá gcuid ama oibre ar chuartaíocht bhaile, d’fhonn caidreamh dearfach a bhunú idir baile agus scoil agus chun tacú le tuismitheoirí a chinntiú go bhfreastalaíonn a leanaí ar scoil agus go nglacann siad páirt go bríoch san oideachas.
- Tugtar tacaíocht do thuismitheoirí aonair le foghlaim a bpáistí trí obair an Chomhordaitheora TBSP.
- Éascaíonn Comhordaitheoirí TBSP cúrsaí agus ranganna do thuismitheoirí chun cuidiú leo tacú le foghlaim a bpáistí. Cuidíonn soláthar sheomra tuismitheoirí nó spáis tiomanta leis seo agus, le fírinne, déantar lárionad fáilte den scoil, ina mbaineann tuismitheoirí taitneamh as an bhfáilte ó thuismitheoirí eile in atmaisféar cairdiúil agus sona, lonnaithe laistigh de scoile a bpáiste.
- Cumann agus cothaíonn gach Comhordaitheoir TBSP modheolaíochtaí agus cleachtais nua chun cur i gcoinne an mhíbhuntáiste oideachais.
- Oibríonn gach Comhordaitheoir TBSP chun tógáil ar chumas na dtuismitheoirí tacú le tuismitheoirí eile.
- Cruthóidh gach Comhordaitheoir TBSP pleananna ina bhfuil spriocanna, chun príomhthosaíochtaí na Scéime TBSP a shroicheadh, ag teacht le treo straitéiseach Sheirbhísí Leasa Oideachais sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- Déantar torthaí dearfacha na scéime TBSP a thaifeadh agus a chomhroinnt ar fud an chórais scolaíochta.



Tréithe an Chomhordaitheora TBSP

“Tá tiomantas neamhleithleach na foirne TBSP ríthábhachtach don Scéim TBSP. Feidhmíonn comhordaitheoirí, ní hamháin mar chaidreamh idir na scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus pobail ach freisin mar tacadóirí le comhpháirtíocht agus comhoibriú chomh maith le tiománaithe ar an réimse gníomhaíochtaí a dtacaíonn an scéim leo.” Mary Hanafin, Aire Oideachais agus Eolaíochta 2005

Ní mór do Chomhordaitheoirí TBSP:

- ✓ Tiomantas a bheith acu do leanaí ag forbairt a gcuid iniúlachta go hiomlán.
- ✓ Tiomantas a bheith acu do tuismitheoirí ag forbairt a gcuid cumais mar phríomhoiliúnóirí a bpáistí.
- ✓ An cumas agus an toilteanas a bheith acu caidreamh gairmiúil dearfach a chruthú le tuismitheoirí, daltaí, príomhoidí, foirne agus páirtithe leasmhara, d’fhonn difríocht dhearfach a dhéanamh do thaithí linbh ar scoil.
- ✓ A bheith suas le dáta ar thaighde fianaise-bhunaithe ar a n-oibríonn chun cuidiú le leanaí freastal, páirt a ghlacadh san fhoghlaim agus a bheith coinnithe sa chóras.
- ✓ Cumas a bheith acu tuiscint a bheith acu na riachtanais agus na deacrachtaí a bhíonn ag teaghlaigh agus pobail ar an imeall agus a bheith in ann pleananna a chur ar bun chun freagairt ar na riachtanais sin.
- ✓ Cumas a bheith acu obair ar bhealach idirghníomhaireachta agus idirdhisciplíneach.
- ✓ Cumas a bheith acu monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-idirghabhálacha a chuirtear ar bun chun tacú le tuismitheoirí agus leanaí agus chun torthaí feabhsaithe a léiriú.
- ✓ Cumas a bheith acu a bheith i gceannas agus acmhainn foirne a thógáil.



Jabthuaisc/Ról an Chomhordaitheora TBSP

Ní mór don Chomhordaitheoir TBSP:

- Spreagadh, tacaíocht agus éascú a thabhairt do chomhpháirtíocht idir tuismitheoirí agus múinteoirí in oideachas a bpáistí.
- Obair leis an bhfoireann chun tuiscint a fhorbairt ar mhíbhuntáiste oideachais agus cuir chuige agus modheolaíochtaí nuálaíocha a chothú chun aghaidh a thabhairt air.
- Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a fhorbairt agus a chothú go honnghníomhach mar chuid dhílis de phróiseas forbartha/pleanála DEIS na scoile agus, ina gcuid oibre, tacú le forbairt, feidhmiú agus athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta DEIS.
- Struchtúir a bhunú chun riachtanais na dtuismitheoirí a aithint.
- Obair le tuismitheoirí chun iad a ullmhú agus chun tacú leo mar acmhainn dá leanaí féin agus freisin don phobal scoile níos leithne.
- Cuairt a thabhairt ar theaghlach scoláirí d'fhonn:
 - Naisc iontaoibhe a thógáil idir baile agus scoil.
 - Tuismitheoirí a ghríosadh le bheith páirteach in oideachas a leanaí.
 - Eolas a thabhairt faoin scoil agus faoi sheirbhísí atá ar fáil sa phobal.
 - Ceannairí tuismitheoirí ionchasacha a lorg, atá sásta a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí na Scéime TBSP agus a bheith mar acmhainn ag tuismitheoirí eile.
 - Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha atá curtha ar bun.
- Soláthar a éascú do chlár fóillíochta, curaclaim, tuismitheoireachta agus forbartha pearsanta do thuismitheoirí.
- Laistigh de Sheirbhísí Leasa Oideachais na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, obair go comhoibríoch leis an tSeirbhís Leasa Oideachais reachtúil agus leis an gClár Críochnaithe Scoile (CCS) chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean, a mbíonn drochthionchar acu ar thinreamh, ar rannpháirtíocht agus ar choinneáil na leanaí atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais agus na luathfhágála.
- Páirt a ghlacadh, cuir le, agus tacú le beartas agus cleachtas sheirbhísí comhtháite na Seirbhísí Leasa Oideachais laistigh den Ghíomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- Struchtúir chúil a bhunú agus a cothabháil chun cuidiú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim a bpáistí ar scoil agus sa bhaile i réimse amhail an litearthacht, an uimhearthacht, cúrsaí fóillíochta/curaclaim, forbairt phearsanta, tuismitheoireacht, léitheoireacht chomhroinnte srl.
- Oiliúint ar thuismitheoirí mar cheannairí pobail agus mar thaca do thuismitheoirí eile a éascú.
- Caidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla sa phobal.

- Bunú/cothabháil/ranpháirtíocht sa Choiste Oideachais Áitiúil a fhéachann le freagairt do shaincheisteanna a bhaineann le scoil ag leibhéal an phobail, a mbíonn drochthionchar acu ar an bhfoghlaim, agus féachaint le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, trí obair i gcomhpháirt le tuismitheoirí, scoláirí, gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla.
- Comhpháirtíocht a éascú le múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí agus gníomhaireachtaí pobail i bhforbairt pholasaithe scoile.
- Idirghabhálacha agus clár TBSP a phleanáil, monatóireacht a dhéanamh orthu agus meastóireacht a dhéanamh orthu.



Sannachán ar Chomhordaitheoirí TBSP

Tugann Imlitir 0058/2013 na Roinne Oideachais agus Scileanna dar teideal **Sannachán Chomhordaitheoirí Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail laistigh de scoileanna DEIS** eolas do bhainistíocht agus d'fhoireann na scoileanna DEIS Uirbeacha Bunscoile agus Iarbhunscoile uile maidir leis an bpróiseas chun múinteoirí a shannadh mar Chomhordaitheoirí TBSP agus na socruithe bainistíochta agus tuairiscithe TBSP i scoileanna DEIS.

Tugann an imlitir cur síos freisin ar na tréithe atá de dhíth agus jabthuaisc/ról phost an Chomhordaitheora TBSP.

Tá an imlitir seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

Aguisín A

Sonraí Teagmhála

Seirbhísí Leasa Oideachais, An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tusla

16-22 Sráid na Faiche

Baile Átha Cliath 7

Duine Teagmhála: Elaine O'Mahoney

Freagrach as: Cumarsáid

Guthán:- 01 8738700 R-phost:- elaine.omahoney@newb.ie

Facs: 01 873 8799

Bainisteoirí Sinsearacha laistigh de SLO comhtháite na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach

- **Marian Heeney**
Guthán:- 087 2221297 R-phost:- marian.heeney@newb.ie
- **Fionnuala MacAonghusa**
Guthán:- 086 0423947 R-phost:- fionnuala.macaonghusa@newb.ie
- **Maria Tobin**
Guthán:- 086 4119336 R-phost:- maria.tobin@newb.ie

Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar (Oifig Riaracháin TBSP)

Sean-Bhóthar Bhaile Coimín

Sráidbhaile Tamhlachta

Baile Átha Cliath 24

Duine Teagmhála: Mary Dunne

Guthán:- 01 4528000 R-phost:- mdunne@dwec.ie

Aonad um Chuimsiú Sóisialta

Roinn Oideachais agus Scileanna

Cor na Madadh

Baile Átha Luain

Co. na hIarmhí

Freagrach as: riaradh agus leithdháileadh phoist TBSP agus dheontais DEIS chuig scoileanna

Guthán:- 090 6483764 R-phost:- social_inclusion@education.gov.ie

Facs:- 090 6483844

Aguisín B

Deontais TBSP do Scoileanna

Tá an deontas TBSP, a leithdháiltear d'fhorfheidhmiú na gníomhaíochtaí atá ag teacht le prionsabail agus cleachtais na scéime TBSP, curtha san áireamh laistigh den deontas bliantúil foriomlán, a eisítear chuig na scoileanna uile atá páirteach in DEIS.

Is riachtanas é go gcaithfear íosmhéid de **10%** den deontas bliantúil DEIS chuig gach scoil a leithdháileadh freisin le húsáid ar ghníomhaíochtaí TBSP ag an gComhordaitheoir TBSP.

Treoirínte ar úsáid an deontais TBSP *

Leithdháiltear an deontas TBSP chun tacaí spriocdhírthe a chur ar fáil, trí fhorbairt an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta idir tuismitheoirí agus múinteoirí leanáí atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais agus na luathfhágála scoile. Bíonn réimse de chúrsaí agus imeachtaí do tuismitheoirí ann, ina n-áirítear gníomhaíochtaí fóillíochta, forbairt phearsanta agus scileanna tuismitheoireachta, breisoideachas, chomh maith le tacaíocht le foghlaim a bpáistí

Is féidir an deontas a úsáid freisin:-

- Chun seomra tuismitheoirí a bhunú agus a choinneáil, seachas caiteachas caipitil
- Chun costais taistil a íoc leis an gComhordaitheoir TBSP áitiúil a tabhadh i gcomhlíonadh dualgas (cuartaíocht bhaile, freastal ag cruinnithe chnuasghrúpa, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)). Faigheann FGL náisiúnta do Chomhordaitheoirí maoiniú lárnach ón SLO, Tusla agus an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ). Íocann scoileanna a gcion le FGL trí chostais taistil a chlúdach ó dheontas DEIS na scoile (*Féach Imlitir 07/2009 de chuid na Roinne Airgeadais do na rátaí cuí*)
- Chun tacú le hoiriúnú an churaclaim agus na modheolaíochtaí teagaisc chun freastal ar riachtanais na leanáí aimsithe
- Chun acmhainní cuí/ceadaithe a cheannach do ghníomhaíochtaí TBSP

NB: Faoi réir Ailt 18 den Acht Oideachais 1998 iarrann an Roinn ar scoileanna, seachas scoileanna BOO, leanúint de thaifid a choinneáil de na gníomhaíochtaí ar fad a rinneadh, ábhair agus acmhainní a ceannaíodh le deontais. Ba chóir cuntais ar ioncam agus caiteachas a choinneáil sa scoil agus a chur ar fáil, má lorgáitear iad, d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus/nó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Faoi réir Ailt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 iarrann an Roinn go gcoinneofar cuntais BOO ar ioncam agus ar chaiteachas agus go gcuirfear ar fáil iad ó am go ham d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna.

* Tá na treoirlínte caiteachais sa liosta thuas ábhartha freisin do na scoileanna DEIS sin, atá ag fáil tacaíochta airgeadais (deontas bliantúil TBSP) in áit sheirbhísí Chomhordaitheoir TBSP i.e. áit nach féidir leis an scoil leas a bhaint as seirbhísí Chomhordaitheoir TBSP laistigh de chnuasghrúpa TBSP, mar thoradh ar shuíomh geografaíoch na scoile i dtaca le scoileanna DEIS eile.

Aguisín C (leathanach 1 de 4)

Teimpléid Shamplacha Pleanála agus Tuairiscithe do Chomhordaitheoirí TBSP

Greille Pleanála Sheachtainiúil - Bunscoil



1. Pleanáil, Monatóireacht, Meastóireacht

2. Cuartaíocht Bhaile

3. Tuismitheoirí páirteach sa Litearthacht/Uimhearthacht/Eolaíocht

4. Coiste Oideachais Áitiúil

5. Forbairt Foirne

6. Cruinniú le Príomhoide

7. Cúrsaí agus Ranganna - Tuismitheoirí

8. Foirmiú Beartais

9. Tuismitheoirí a Oiliúint mar Chuirteoirí Baile Oideachais/Tuismitheoirí ag Tacú le Tuismitheoirí

10. Comhtháthú le gníomhaireachtaí eile

11. Cruinnithe an chnuasghrúpa

12. F.G.L.

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
09.00-10.00					
10.00-11.00					
11.00-12.30					
01.00-02.30					

Ainm:

Scoil:

Aguisín C (leathanach 2 de 4)

Teimpléid Shamplacha Pleanála agus Tuairiscithe do Chomhordaitheoirí TBSP - Greille Pleanála Sheachtainiúil – Iarbhunscoil

1. Pleanáil, Monatóireacht, Meastóireacht
2. Cuartaíocht Bhaile
3. Tuismitheoirí páirteach sa Litearthacht/Uimhearthacht/Eolaíocht
4. Coiste Oideachais Áitiúil
5. Forbairt Foirne
6. Cruinniú le Príomhoide
7. Cúrsaí agus Ranganna -Tuismitheoirí
8. Foirmiú Beartais
9. Tuismitheoirí mar Chuirteoirí Baile Oideachais/Tuismitheoirí ag Tacú le Tuismitheoirí
10. Comhtháthú le gníomhaireachtaí eile
11. Cruinnithe an chnuasghrúpa
12. F.G.L.



	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
09.00-10.00					
10.00-11.00					
11.00-12.30					
13.30-14.30					
14.30-15.30					

Ainm:

Scoil:

**Teimpléad Samplach do Phlean Gníomhaíochta do TBSP
Réimse Tosaíochta:**



Cuspóir Spríoc:				Tréimhse an Phlean:
Tascanna - Cad is gá duit a dhéanamh	Cén duine	Cathain	Acmhainní	Nósanna Imeachta Monatóireachta
				<hr/> <p style="text-align: center;">Torthaí</p>



Aguisín C (leathanach 4 de 4)

SCÉIM THEAGMHÁLA BAILE SCOILE AGUS AN PHOBAIL

Teimpléad Samplach Pleanála agus Tuairiscithe do Chomhordaitheoirí TBSP

BILEOG TAIFID MHÍOSÚIL

Tuismitheoirí:

Príomhoide agus Foireann:

Litearthacht/Uimhearthacht/Eolaíocht:

Comhtháthú/Pobal:

Cnuasghrúpa:

Aguisín D

Foilseacháin úsáideacha

- “DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna)” foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Bealtaine, 2005 (ar fáil ar [www.education .ie](http://www.education.ie))
- “The Home School Community Liaison Scheme in Ireland – From Vision to Best Practice” scríofa ag na Comhordaitheoirí TBSP, 2005-2006 (ar fáil ar www.education.ie)
- “Including All – Home, School and Community United In Education” le an Dr. Concepta Conaty, 2002, foilsithe ag Veritas Publications
- “Review of the Home-School-Community Liaison Scheme - Report to the Department of Education and Science” le Peter Archer agus Fionnuala Shortt, foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas, 2003 (ar fáil ar www.erc.ie)
- “The Home-School-Community Liaison Scheme - Final Evaluation Report” foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas, 1994 (ar fáil ar www.erc.ie)
- “A Report on the First Phase of the Evaluation of DEIS” le Susan Weir agus Peter Archer, foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas, 2011 (ar fáil ar www.erc.ie)
- “Meastóireacht ar Phróisis Phleanála i mBunscoileanna DEIS” le Cigireacht na Roinne, foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011 (ar fáil ar www.education.ie)
- “Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iarbhunscoileanna DEIS” le Cigireacht na Roinne, foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011 (ar fáil ar www.education.ie)
- “Lítearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Lítearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Dhaoine Óga, 2011-2020” foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011 (ar fáil ar www.education.ie)